C/2024/6032

8.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11735 – CVC / FIDELIO / ODEVO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6032)

1. An 27 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

   Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

   — CVC Capital Partners Plc ('CVC', Geirsí),

   — Fidelio Capital ('Fidelio', an tSualainn),

   — Odevo MidCo AB ('Odevo', an tSualainn) faoi rialú Fidelio.

   Gheobhaidh CVC agus Fidelio rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Odevo.

   Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

   — CVC: bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda atá dírithe ar chothromas príobháideach, ar chreidmheas, ar mhargaí tánaisteacha cothromais phríobháidigh agus ar bhonneagar.

   — Fidelio: déanann sé infheistíochtaí i gcuideachtaí fáis go príomha sna tíortha Nordacha, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Odevo: soláthraíonn sé seirbhísí bainistíochta maoine san Fhionlainn, sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

   De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

   Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

   M.11735 – CVC / FIDELIO / ODEVO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:
European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË